# Treoirlíne 2026 maidir le Gairm Oscailte Chruinniú na nÓg

**Réamhrá**

Fáilteoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe roimh iarratais chun imeachtaí a eagrú do Chruinniú na nÓg 2026.

Is é Cruinniú na nÓg an lá náisiúnta cruthaitheachta do leanaí agus do dhaoine óga. Déantar rannphháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chultúr agus sa chruthaitheacht a cheiliúradh agus a spreagadh le linn an imeachta trí ghníomh cruthaitheach atá saor in aisce, inrochtana agus bunaithe ar ghníomhaíocht a chur ar fáil ina gceantair féin. Fáilteoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe roimh thograí ó ealaíontóirí, cleachtóirí cruthaithe agus ó ghrúpaí óige le haghaidh tionscadail chruthaitheacha atá dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga atá idir 0 -18 mbliana. Bíonn cistiú idir €500 agus €3,000 ar fáil. Cuir isteach d'iarratas ar líne faoi **4pm Dé Máirt an 6 Aibreán 2026.**

**Cruinniú na nÓg i bPáirc an Athar de Búrca**

Murab ionann agus blianta roimhe seo, nuair a scaipeadh imeachtaí Chruinniú na nÓg ar fud na cathrach, reáchtálfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe imeacht i mbliana ar stíl féile i bPáirc an Athar de Búrca.

Cuirfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ardán, córas fuaime, gaiséabónna agus lónadóireacht ar fáil. Beimid ag déanamh margaíochta agus ag cur an imeachta chun cinn go háitiúil freisin, le himeachtaí foilsithe ar ár gcainéil meán sóisialta agus ar meáin

shóisialta eagraíochtaí éagsúla, chomh maith le suíomh gréasáin náisiúnta Chruinniú na nÓg: cruinniu.gov.ie

Cuirfidh iarratais rathúla in iúl cén cineál cur i láthair nó ceardlainne a bheidh acu ar an 6 Meitheamh i bPáirc an Athar de Búrca. D'fhéadfadh sé a bheith ina thaispeántas de shaothar, ina ngníomhaíochtaí, ina thaibhiú, ina thaispeántas nó ina cheardlann. Beidh fáilte roimh smaointe. Ní mór a thuiscint, áfach, go bhféadfadh Comhairle Cathrach na Gaillimhe a mholadh go ndéanfaí do thogra a athrú chun cothromaíocht mhaith a chinntiú idir imeachtaí agus gníomhaíochtaí cuimsitheacha agus éagsúla. D'fhéadfadh roinnt gnéithe a bheith ar siúl roimh an Lá Náisiúnta (e.g. ceardlanna, cleachtaí etc), ach ba cheart an togra a bheith ar siúl nó a thabhairt i gcrích **Dé Sathairn, an 6 Meitheamh 2026.**

Tionscnamh de chuid Chlár Éire Ildánach sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán is ea Cruinniú na nÓg, agus cuirtear i láthair é i gcomhpháirtíocht le RTÉ agus Údaráis Áitiúla.

**Sula dtosaítear ar iarratas:**

- Léigh na treoirlínte go mion.
- Tabhair ar aird go bhfuil sé de fhreagracht ar an iarratasóir a chinntiú go bhfuil na hárachais riachtanacha, na polasaithe agus na nósanna imeachta cumhdaigh, na measúnuithe riosca agus na polasaithe ionchuimsithe i bhfeidhm. Ba cheart cloí leis na treoirlínte sláinte poiblí reatha agus an tionscadal á chur i gcrích.

**Cé atá incháilithe?**

- Grúpaí pobail, eagraíochtaí, agus cleachtóirí cruthaitheacha, atá lonnaithe i gCathair na Gaillimhe, nó a bhfuil an ghníomhaíocht bheartaithe nó an tsraith gníomhaíochtaí beartaithe acu a bheidh ar siúl i gCathair na Gaillimhe, agus a mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu, á gcur ar taispeáint, á léiriú nó á gcur ar ardán ar bhealach eile i bPáirc an Athar de Búrca i gCathair na Gaillimhe an 6 Meitheamh 2026.
- Iarratais a iarrann maoiniú idir €500-€3,000.

**Na nithe is féidir linn a mhaoiniú**

- Costais tionscadail a bhaineann le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh chruthaitheacha.
- Imeachtaí agus costais imeachtaí amhail pá agus táillí ealaíontóirí, criú cruthaitheach agus teicniúil, costais theicniúla léiriúcháin le haghaidh léirithe beo: feisteas, seit, fuaim, costais bhainistíochta, táillí léiritheora nó stiúrthóra, fruiliú trealaimh theicniúil, costais ionaid, doiciméadú imeachtaí beo (scannán, grianghrafadóireacht, fuaim), margaíocht agus cur chun cinn, meastóireacht, agus costais réasúnacha eile.
    - Tabhair faoi deara: Beidh grianghrafadóir agus físghrafadóir ann ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar lá Chruinniú na nÓg, ach is féidir leat costais do ghrianghrafadóir nó d'fhísghrafadóir a chur san áireamh maidir le haon ghné de do thogra suas go dtí an 6 Meitheamh.

### An méid nach féidir linn a mhaoiniú

- Breisiú nó ionadú a dhéanamh ar chistiú le haghaidh imeachtaí agus tionscnamh atá ann cheana, ach amháin i ndáil le gné nó cuid nua
- Tiomsaitheoirí airgid carthanais
- Tionscadail agus gníomhaíochtaí le haghaidh brabúis
- Ceannach trealamh
- Gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl lasmuigh de Chathair na Gaillimhe

### Buiséad agus costais

Agus an méid maoinithe a bhfuil iarratas á dhéanamh agat air á shonrú, beidh ort do chaiteachas agus d'ioncam a mheas i ndáil le d'iarratas.

- Baineann an caiteachas le haon chostais a bhfuil súil agat leo.
- Baineann ioncam le haon fhoinse maoinithe atá curtha i leataobh go sonrach agat don tionscadal a ndéantar cur síos air i d'iarratas. Mar shampla, má tá eagraíocht eile ag tabhairt cúnamh le do chaiteachas, ba cheart duit é sin a áireamh mar ioncam ar an bhfoirm iarratais. Ba chóir duit aon ranníocaíocht atá beartaithe agat a dhéanamh as do chuid acmhainní féin a chur san áireamh mar ioncam freisin.

Ní mór an obair a bhfuil an maoiniú á lorg ina leith a dhéanamh ar bhonn neamhbhrabúis agus ní mór di tiomantas Chomhairle Cathrach na Gaillimhe do thacaíocht a thabhairt do luach saothair cóir agus cothrom d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúir inár gcláir agus

scéimeanna maoinithe agus inár gcomhpháirtíochtaí agus inár gcaidrimh oibre a léiriú. Tá sé sin i gcomhréir le prionsabail dea-chleachtais na Comhairle Ealaíon maidir le 'Polasaí na nEalaíontóirí a Íoc'.

**Critéir Mheasúnachta**

Déantar iarratais a mheas de réir na gcritéar seo a leanas:

A. Ailíniú le Cuspóir 2 - 'Óige agus Leanaí Ildánacha' Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chathair na Gaillimhe - 30%
B. Caighdeán agus tionchar an togra - 30%
C. Teist, fiúntas an chomhoibrithe agus na comhpháirtíochta — 20%
D. Indéantacht - Maoiniú - 20%

## Chun iarratas a dhéanamh

Déan iarratas ar líne tríd an ardán Submit: galwaycity.submit.com

Murar chláraigh tú le haghaidh Submit roimhe seo, iarrfar ort é sin a dhéanamh. Molaimid é seo a dhéanamh chomh luath agus is féidir.

Má tá deacrachtaí agat leis an ardán, iarr cúnamh a luaithe is féidir chun a chinntiú gur féidir linn cuidiú leat i bhfad roimh an spriocdháta.

## Dáta Deiridh d'Iarratais:

Cuir isteach d'iarratas ar líne faoi **4pm Dé Máirt an 6 Aibreán 2026.**

Ríomhphost: candc@galwaycity.ie le 'Cruinniú na nÓg' sa líne ábhair.

Déan cinnte go mbeidh do dhóthain ama tugtha agat duit féin chun freagra a fháil ar do cheist (i.e., 2 lá gnó).